NATIONAL TRAVELLER ACCOMMODATION CONSULTATIVE COMMITTEE

AN COISTE COMHAIRLEACH NÁISIÚNTA UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010

National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte ina bhfuil
75% ar a laghad de ina dhramhaíl iar-chaite.

National Traveller Accommodation Consultative Committee

An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tuarascáil Bhliantúil 2010

Teach Chustaim, Baile Átha Cliath 1
Uimhir Theileafóin: (01) 888 2121
Íosghlao: 1890 20 20 21
Facs: (01) 888 2619
ríomhphost: ntacc@environ.ie

Ard Ló, Na Sceirí, Comhairle Contae Fhine Gall

Clár

1.	**Ráiteas an Chathaoirligh**	**4**
2.	**Faisnéis Ghinearálta**	**6**
	Bunú	6
	Téarmaí Tagartha	6
	Ballraíocht an Choiste	6
	Tuarascáil Bhliantúil an Choiste	8
	Cruinnithe	8
3.	**Achoimre ar na Príomhghníomhaíochtaí**	**9**
	Grúpa Oibre um an "Tuarascáil Deiridh"	9
	Ceapadh an Cheathrú CCNCLS	9
	Dul chun cinn na bliana 2009 maidir leis an Tríú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil	9
	Nóibhéine Chnoc Mhuire	10
	Feidhmiú agus Éifeachtacht CCACLS	11
	Cóiríocht Údarás Áitiúil don Lucht Siúil	12
	Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh Lucht Siúil	13
4.	**Airgeadas**	**14**
5.	**Aguisíní**	**15**
	Aguisín I Cóiríocht arna Soláthar in 2010	15
	Aguisín II Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh Lucht Siúil in 2010	18

Ráiteas an Chathaoirligh

Chairperson –
Séamus Ó Cinnéide

Tá áthas orm an dara Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCNCLS) a thíolacadh don Aire Tithíochta agus Pleanála. Cuimsítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2010 go dtí an 31 Nollaig 2010 sa tuarascáil agus déantar í a thíolacadh don Aire de réir na gceanglas in *Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998.*

Tháinig deireadh le téarma oifige an tríú CCNCLS an 30 Eanáir 2010. Bhí a chruinniú deiridh ag an tríú Coiste an 20 Eanáir 2010 agus glacadh le *Tuarascáil Deiridh an Tríú CCNCLS* lena linn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe, comhaltaí an tríú Coiste, as an am, as an iarracht agus as an tiomantas a thug siad don Choiste le linn an téarma oifige trí bliana. Cheap an tAire John Gormley an ceathrú CCNCLS go foirmiúil an 22 Aibreán 2010. Ba mhór an onóir dom cuireadh a fháil ón Aire a bheith i mo chathaoirleach ar an gceathrú Coiste agus ghlac mé leis an gcuireadh go fonnmhar.

I ndiaidh an cheapacháin fhoirmiúil, chuaigh an ceathrú Coiste i mbun oibre go tapa agus bhí a chéad chruinniú aige an 27 Bealtaine 2010. Bhí dhá chruinniú eile den Choiste ann in 2010 i Meitheamh agus i nDeireadh Fómhair. Mar chuid den chruinniú i Meitheamh tugadh cuairt ar Chomhairle Contae Luimnigh agus ar Chomhairle Cathrach Luimnigh inar thugamar cuairt ar roinnt cóiríochta don Lucht Siúil agus bhuaileamar le hoifigigh údarás áitiúil, comhaltaí údarás áitiúil agus daoine áitiúla den Lucht Siúil. Bhain an Coiste nua an-tairbhe as an gcuairt sin ar Luimneach agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil thar ceann an Choiste le foireann Chomhairle Cathrach Luimnigh agus Chomhairle Contae Luimnigh a chaith go maith linn ar ár gcuairt agus a bhí an-éifeachtúil.

Cuireadh cruinniú deiridh na bliana 2010, a bhí leagtha amach le bheith ar siúl go luath i mí na Nollag, ar atráth toisc go raibh an aimsir chomh dona ag an am. Bhí an cruinniú sin ar siúl go luath in Eanáir 2011. Rinneadh raon saincheisteanna a phlé ag cruinnithe an Choiste in 2010 agus léirítear iad sin san "Achoimre ar na Príomhghníomhaíochtaí" sa tuarascáil seo.

Tháinig méadú 527 ar líon na dteaghlach den Lucht Siúil sa stát in 2010, arna n-áireamh sa *Chomhaireamh Bliantúil*, agus tá 9,470 teaghlach ann anois. Tá an ráta méadaithe bliantúil i líon na dteaghlach den Lucht Siúil fós go suntasach os cionn 5% agus ar ndóigh cruthaíonn sé sin dúshláin d'údaráis áitiúla, go háirithe sa staid fhioscach an-sriantach atá ann faoi láthair. Tháinig méadú beag go dtí 444 ar líon na dteaghlach den Lucht Siúil *ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe* in 2010, a raibh laghdú suntasach air ó 524 in 2008 go dtí 422 in 2009. Bheadh cúis buartha againn dá leanfadh an méadú sin ar aghaidh. Tá anailís mhionsonraithe maidir le gach gné de Chomhaireamh Bliantúil 2010 sa rannán dar teideal "Cóiríocht Údarás Áitiúil don Lucht Siúil in 2010" atá ar leathanach 12 den Tuarascáil seo.

Mar Chathaoirleach ar an gceathrú CCNCLS, is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraíonn agus a thacaíonn le hobair an Choiste. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Tithíochta agus Seirbhísí Áitiúil, an tUasal Michael Finneran T.D., a thug tacaíocht mhór dár gcuid oibre le linn 2010. Chuir ár rúnaí agus a chomhghleacaithe san Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, na seirbhísí rúnaíochta agus tacaíochta a bhí ag teastáil uainn ar fáil ar bhealach an-éifeachtúil. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo sin ar fad a luadh, agus leo sin go léir a chabhraigh leis an gCoiste feidhmiú go héifeachtach i rith na bliana 2010, thar ceann an cheathrú CCNCLS.

Séamus Ó Cinnéide
Cathaoirleach

Faisnéis Ghinearálta

Bunú

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCNCLS) ar bhunús reachtúil an 29 Aibreán 1999 faoi ailt 19 agus 20 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Ceapadh an tríú CCNCLS an 31 Eanáir 2007, agus chuaigh a théarma oifige in éag an 30 Eanáir 2010. Ceapadh an ceathrú CCNCLS an 22 Aibreán 2010.

Téarmaí Tagartha

Is iad seo a leanas téarmaí tagartha an Choiste:-

Comhairle a chur ar an Aire maidir leo seo a leanas

- aon ní ginearálta a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil;
- aon ní a tharchuirfidh an tAire chuige;
- i ndáil leis na bearta is mo is cuí chun feabhas a chur, ag an leibhéal áitiúil, ar chomhchomhairle leis an Lucht Siúil agus rannpháirteachas an Lucht Siúil nuair a bhíonn cóiríocht á cur ar fáil agus á bainistí;
- i ndáil le nithe ginearálta a bhaineann le hullmhú, le leordhóthanacht, le cur i ngníomh agus le comhordú clár cóiríochta don Lucht Siúil.

Ballraíocht an Choiste – An Tríú CCNCLS
Tháinig deireadh leis an téarma oifige an 30 Eanáir 2010.

An tOllamh Séamus Ó Cinnéide	Cathaoirleach
An tUasal Bridget Casey	Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
An tUasal Martin Collins	Lárionad Taistealaithe Pavee Point
An Comhairleoir Emer Costello	Cumann Comhairlí Contae is Cathrach
An tUasal Joe Horan	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
An tUasal Maria Joyce	An Fóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná
An tUasal Catherine Linehan	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An tUasal Jackie Maguire	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
An Comhairleoir Patricia McCarthy	Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann

An tUasal Mary McDonnell	Ainmní an Aire
An tUasal Séamus O'Connor	Ainmní an Aire
An tUasal Cathal Comey	Rúnaí an Choiste

Ballraíocht an Choiste – An Ceathrú CCNCLS

An tOllamh Séamus Ó Cinnéide	Cathaoirleach
An Comhairleoir Liam Blaney	Cumann Comhairlí Contae is Cathrach
An tUasal Bridget Casey	Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann
An tUasal John Paul Collins[1]	Lárionad Taistealaithe Pavee Point
An tUasal Denis Conlan[2]	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An tUasal Mary Connors	An Fóram Náisiúnta do Thaistealaithe Mná
An tUasal Jim Ganley[3]	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An tUasal Caroline Keane[4]	Lárionad Taistealaithe Pavee Point
An tUasal Catherine Linehan	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
An Comhairleoir Patricia McCarthy	Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann
An tUasal Mary McDonnell	Ainmní an Aire
An tUasal Conn Murray	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
An tUasal David O'Connor	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
An tUasal Séamus O'Connor	Ainmní an Aire
An tUasal Cathal Comey	Rúnaí an Choiste

1 Ceapadh an tUasal Collins ar an gCoiste an 23 Meán Fómhair 2010 chun folúntas a líonadh a bhí ann tar éis don Uasal Caroline Keane éirí as.

2 D'éirigh an tUasal Conlan as a bheith ar an gCoiste an 3 Meán Fómhair 2010.

3 Ceapadh an tUasal Ganley ar an gCoiste an 23 Meán Fómhair 2010 chun folúntas a líonadh a bhí ann tar éis don Uasal Denis Conlan éirí as. D'éirigh an tUasal Ganley as a bheith ar an gCoiste an 31 Nollaig 2010. D'éirigh an bheirt sin as a bheith ar an gCoiste de bharr atheagrú inmheánach ar fhreagracht laistigh den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

4 D'éirigh an tUasal Keane as a bheith ar an gCoiste an 28 Iúil 2010.

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste

Ordaítear le hAlt 19 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 nach mór don Choiste tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Tithíochta agus Pleanála maidir lena chuid gníomhaíochtaí, agus cinnteoidh an tAire go ndéanfar cóipeanna den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Is í seo an tuarascáil atá riachtanach de réir na reachtaíochta sin agus clúdaítear an tréimhse ón 01 Eanáir 2010 – 31 Nollaig 2010 inti.

Cruinnithe

Bhí cruinniú amháin ag an **tríú CCNCLS** in 2010 sular tháinig deireadh lena thréimhse in oifig. Bhí an cruinniú sin ar siúl an 20 Eanáir 2010 agus bhí na daoine seo a leanas i láthair ann: An tOllamh Ó Cinnéide, an tUasal Casey, an tUasal Collins, an tUasal Horan, an tUasal Joyce, an tUasal Linehan, an tUasal Maguire, an Comhairleoir McCarthy, an tUasal McDonnell agus an tUasal O'Connor.

Bhí 3 chruinniú in iomlán ag an **ceathrú CCNCLS** in 2010. Is é seo a leanas an líon cruinnithe de chuid an ceathrú CCNCLS ar a fhreastail gach comhalta den Choiste: An tOllamh Ó Cinnéide (3), an Comhairleoir Blaney (2), an tUasal Casey (2), an tUasal Collins (3), an tUasal Conlan (2), an tUasal Connors (2), an tUasal Ganley (0), an tUasal Keane (0), an tUasal Linehan (2), an Comhairleoir McCarthy (3), an tUasal McDonnell (2), an tUasal Murray (3), an tUasal D. O'Connor (2), an tUasal S. O'Connor (3).

Achoimre ar na Príomhghníomhaíochtaí

1. Grúpa Oibre um an "Tuarascáil Deiridh"

Go luath in 2009 chinn an tríú CCNCLS go gcuirfeadh sé "Tuarascáil Deiridh" ar fáil chomh maith leis na tuarascálacha bliantúla a bhfuil sé de dhualgas air a fhoilsiú faoi théarmaí Acht 1998. Is é cuspóir na Tuarascála Deiridh cur síos achomair a chur ar fáil ar roinnt de na príomhcheisteanna a phléigh an tríú Coiste le linn a théarma oifige agus roinnt ceisteanna a aithint a d'fhéadfadh an chéad CCNCLS eile a chur san áireamh mar chuid dá chlár oibre. D'aontaigh na baill uile gur chuir an Tuarascáil Deiridh ar chumas an Choiste reatha a chuid oibre a thabhairt ar láimh ar bhealach ordúil agus go mbeadh sí ina pointe tosaigh úsáideach don Choiste nua. Glacadh leis an Tuarascáil Deiridh ag cruinniú deiridh an tríú CCNCLS in Eanáir 2010.

2. Ceapadh an Cheathrú CCNCLS

Cheap an tAire John Gormley T.D. an ceathrú CCNCLS an 22 Aibreán 2010. Bhí a chéad chruinniú ag an gCoiste an 27 Bealtaine 2010. Labhair an tAire Michael Finneran T.D. ag an gcéad chruinniú agus ghabh sé buíochas le comhaltaí an Choiste as a bpoist a ghlacadh agus léirigh sé a shástacht gur ceapadh oifigeach ó Fheidhmeannas Tithíochta Thuaisceart Éireann. Ghuigh an tAire gach rath ar an gCoiste lena chuid oibre agus dúirt sé go dtabharfadh sé féin agus oifigigh na Roinne araon gach tacaíocht is gá don Choiste ionas go mbeadh siad in ann oibriú go héifeachtach.

Ag a chéad chruinniú i mBealtaine ghlac an Coiste le sraith nósanna imeachta don choiste agus d'aontaigh siad ar chlár oibre imlíneach. Tá roinnt ábhar tosaíochta sa chlár oibre, lena n-áirítear feidhmiú na gCoistí Comhairleach Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCACLS), tacaíochtaí a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil agus an toradh ar infheistíocht i gcóiríocht don Lucht Siúil. Leanfar ag obair orthu sin agus ar shaincheisteanna atá ina n-ábhair leasa agus imní ar feadh théarma oifige an ceathrú CCNCLS.

3. Dul chun cinn leis an Tríú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil i rith na bliana 2009

Clúdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2009 – 31 Nollaig 2013 sa tríú babhta de Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil (CCLS). Is léir go gcuirfear an tríú babhta de CCLS i bhfeidhm i dtimpeallacht eacnamaíoch atá an-difriúil ón gceann a bhí ann roimhe seo agus mar sin beidh deacrachtaí i ndán d'údaráis áitiúla. Ag a chruinniú i mBealtaine rinne an Coiste dul chun cinn na n-údarás áitiúil le linn 2009 maidir le feidhmiú a CCLSanna a phlé. Léiríodh sa Tuarascáil Dul Chun Cinn 2009 gur soláthraíodh cóiríocht bhuan do 480 teaghlach in iomlán le linn 2009. Ba é 469 an sprioc le haghaidh 2009 agus mar sin b'fheidhmíocht an-mhaith é sin ag údaráis áitiúla. Le linn 2009 soláthraíodh

cóiríocht do 208 teaghlach den Lucht Siúil i ngnáth-thithíocht údarás áitiúil, 16 theaghlach i dtithíocht dheonach, 81 teaghlach i ngrúp-thithíocht, 97 teaghlach i mbánna láithreáin stad, 7 dteaghlach i dtithe aonuaire, 70 teaghlach tríd an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus teaghlach amháin trí thithíocht inacmhainne.

Soláthraíodh cóiríocht shainiúil don Lucht Siúil (bánna láithreáin stad agus grúp-thithíocht) le haghaidh roinnt teaghlach trí fholúntais ócáideacha i gcóiríocht atá ann cheana féin a líonadh seachas folúntais in aonaid nua-thógtha. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nach ndéantar líon na dteaghlach a fhaigheann cóiríocht ag baint úsáide as forlíonadh cíosa a chomhaireamh i dtuarascálacha dul chun cinn toisc nach réiteach cóiríochta fadtéarmach é seo.

4. Nóibhéine Chnoc Mhuire

Bíonn nóibhéine Chnoc Mhuire ar siúl gach bliain thart ar an 15 Lúnasa agus tagann líon mór teaghlach den Lucht Siúil ann. Ní chuirtear aon áiseanna neamhbhuana ar fáil do dhaoine den Lucht Siúil ar mian leo taisteal go Cnoc Mhuire le carbhán le linn na nóibhéine. Bhí an-teannas ann in 2007 idir an Lucht Siúil agus cónaitheoirí áitiúla nuair a rinne cónaitheoirí áitiúla gearán faoin áit agus faoin gcaoi ina raibh roinnt carbhán páirceáilte. Níor tháinig aon fhadhbanna comhchosúla chun cinn ó 2007 i leith. Tá an Coiste tar éis moladh do Chomhairle Contae Mhaigh Eo foráil éigin a dhéanamh do charbháin an Lucht Siúil agus léirigh an Roinn go mbeadh sí sásta cistiú a chur ar fáil le haghaidh láithreán neamhbhuan gearrthéarmach dá mbeadh an costas réasúnta.

Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo in iúl don Roinn in 2010 go raibh sé ar intinn aici monatóireacht a dhéanamh ar an scéal le linn nóibhéine 2010 agus go rachadh sí i gcomhairle le grúpaí áitiúla ansin chun a chinneadh cibé an mbeadh gá le háiseanna neamhbhuana le haghaidh 2011 agus na mblianta ina dhiaidh sin nó nach mbeadh.

I ndiaidh cinneadh a glacadh ag cruinniú an Choiste i Meitheamh, bhí beirt chomhaltaí den Choiste i láthair i gCnoc Mhuire an 15 Lúnasa agus chonaic siad an staid thart ar an tréimhse freastail is mó um thráthnóna. Bhí an tUasal Eileen Corcoran, Oifigeach Idirchaidrimh don Lucht Siúil, Comhairle Contae Mhaigh Eo, in éineacht leo. Thug comhaltaí an Choiste ar aird go raibh socrú bainistíochta trách éifeachtach i bhfeidhm agus nach raibh aon bhrú tráchta suntasach ar an mbealach isteach go Cnoc Mhuire ná ar an mbealach tríd. Bhí líon mór Gardaí ann agus ba chosúil go raibh go leor spásanna páirceála ann gan aon bhacainní le feiceáil. Cé go raibh líon mór

daoine den Lucht Siúil i láthair, ba chosúil go raibh an chuid is mó díobh ann ar chuairt lae ag baint úsáide as carranna nó veaineanna. Bhí líon beag veaineanna campála ann freisin a bhí páirceáilte go dlíthiúil. Go ginearálta, dealraíodh go raibh gach rud ag dul ar aghaidh gan aon fhadhb. Bhí lucht faire de chuid Ghluaiseacht Taistealaithe na hÉireann sa cheantar i gCnoc Mhuire le linn na nóibhéine freisin agus táthar ag súil lena dtuairisc uair éigin in 2011.

Mhol an bheirt chomhaltaí den Choiste a d'fhreastail ar an nóibhéine in 2010 agus ionadaithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo gur cheart don Eaglais Chaitliceach freagracht a ghlacadh as áiseanna neamhbhuana a chur ar fáil toisc gur ócáid reiligiúnach atá i gceist. Tá na háiseanna carrchlóis atá ar fáil ag an Séipéal i gCnoc Mhuire i bhfad níos mó ná mar a mbíonn á rialú ag an údarás áitiúil. Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo in iúil don Roinn go ndéanfar an t-ábhar sin a phlé ag cruinniú dá CCACLS agus go bhfuil sé beartaithe acu grúpa oibre a chruthú, ina mbeidh oifigigh de chuid na comhairle agus ionadaithe an Lucht Siúil, a rachaidh go dtí údaráis na hEaglaise go luath in 2011 d'fhonn ábhar an láithreáin neamhbhuan a phlé leo.

5. Feidhmiú agus Éifeachtacht CCACLS

I ndiaidh na dtoghchán áitiúil in 2009, d'iarr an Roinn ar gach údarás áitiúil Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (CCACLS) nua a bhunú. Ba í 2010 an chéad bhliain iomlán ina raibh na coistí áitiúla nua sin i mbun feidhme.

Ag cruinniú an CCNCLS i nDeireadh Fómhair rinne Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann cur i láthair gairid ar réamhthorthaí shuirbhé dá cuid ar chomhaltaí de CCNCLS atá ina mbaill den Lucht Siúil. Ag an am sin, ní raibh faisnéis ag Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann ach ó 20 CCACLS agus aontaíodh go gcuirfí plé iomlán ar an tuarascáil sin agus ar a hiarmhairtí féideartha ar atráth go dtí go mbeadh an tuarascáil iomlán ar fáil. Táthar ag súil leis an tuarascáil sin go luath in 2011.

Chuir an Roinn in iúl don Choiste freisin go mbeadh sí ag iarraidh ar gach CCACLS sa tír Tuarascáil Bhliantúil i leith na bliana 2010 a thíolacadh in 2011. Léireofar ballraíocht agus gníomhaíochtaí na CCACLS, i measc eile, sna tuarascálacha seo ó na CCACLS agus ba cheart go mbeadh siad ina dtreoir úsáideach le fáil amach an bhfuil na CCACLS ag feidhmiú ar bhealach éifeachtach.

6. Cóiríocht Údarás Áitiúil don Lucht Siúil in 2010

Measadh leis an gcomhaireamh bliantúil ar líon na dteaghlach den Lucht Siúil, a rinneadh i mí na Samhna 2010, go raibh 9,470 teaghlach den Lucht Siúil ina gcónaí sa Stát ag an am sin. Ba mhéadú 5.9% (méadú 527) é sin ar líon na dteaghlach dá leithéid i gcomhaireamh na bliana 2009. Tá líon na dteaghlach den Lucht Siúil arna dtaifeadadh fós ag méadú go géar agus dar ndóigh cruthaíonn sé sin deacrachtaí d'údaráis áitiúla a bhíonn ag déanamh iarrachta an t-éileamh ar chóiríocht don Lucht Siúil a shásamh.

Tháinig méadú beag 4 theaghlach ar líon na dteaghlach den Lucht Siúil i ngnáth-thithíocht údarás áitiúil in 2010 agus tá 3,304 teaghlach i gcóiríocht dá leithéid anois. Bhí méadú níos mó ar líon na dteaghlach ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh i dtithe arna soláthar ag comhlachtaí deonacha le cúnamh ó údarás áitiúil, ó 131 in 2009 go dtí 149 in 2010. Ar ndóigh, tá an géarchor chun donais eacnamaíoch tar éis méid an chistithe a laghdú atá ar fáil le haghaidh tithíocht shóisialta nua-thógtha agus dá bhrí sin tá údaráis áitiúla tar éis laghduithe an-suntasacha a chur i bhfeidhm ina gcláir chaipitiúla thógála. Tá i bhfad níos lú tithíochta sóisialta nua á tógáil ná mar a bhíodh agus tá an Roinn tar éis a chur in iúl go bhfuiltear chun bogadh i dtreo leas níos mó a bhaint as an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus léasú fadtéarmach réadmhaoine chun riachtanais tithíochta sóisialta a chomhlíonadh. D'ainneoin an laghdaithe i dtithíocht shóisialta nua-thógtha, tá an chatagóir seo fós ar an rogha cóiríochta is mince a dhéantar (Féach Tábla 1, leathanach 11, thíos).

In 2010, bhí 5,634 teaghlach san iomlán, figiúr ar ionann é agus méadú 17 ar 2009, i gcóiríocht arna cur ar fáil ag údaráis áitiúla nó le cúnamh ó údaráis áitiúla. Ba í an tithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach an rogha cóiríochta inar taifeadadh an méadú is mó arís in 2010; bhí méadú 377 ar an rogha sin (méadú 18%), go dtí 2,380 teaghlach. Tháinig méadú an-suntasach ar líon na dteaghlach a bhí ina gcónaí i gcóiríocht ar cíos san earnáil phríobháideach le blianta beaga anuas agus is ionann an líon sin anois agus 25.1% de na teaghlaigh go léir arna dtaifeadadh. Is léir go bhfuil an laghdú ar líon na ngnáth-thithe atá ar fáil faoi scéim thithíochta sóisialta ina cúis leis an líon teaghlach atá i gcóiríocht phríobháideach ar cíos ach tá sé soiléir freisin go bhfuil teacht níos mó ag tionóntaí den Lucht Siúil ar mhargadh na cóiríochta ar cíos san earnáil phríobháideach anois ná mar a bhí cheana. Coimeádtar teaghlaigh atá ina gcónaí i gcóiríocht ar cíos san earnáil phríobháideach ar liosta tithíochta an údaráis áitiúil agus déantar cóiríocht bhuan a thairiscint dóibh i gcomhréir le scéim na dtosaíochtaí cíosa.
Tá líon iomlán na dteaghlach atá ina gcónaí ar láithreáin stad tar éis dul i léig gach bliain ó 2003 i leith. Bhí laghdú beag 8 dteaghlach, go dtí 991 teaghlach, le feiceáil in 2010. Tháinig méadú 8 dteaghlach ar líon na dteaghlach a bhain leas as cóiríocht ar bhánna ar láithreáin stad bhuana in 2010, agus tá 619

teaghlach ag baint leasa astu anois. Is í seo an dara bliain as a chéile inar tháinig méadú ar líon na dteaghlach i mbánna ar láithreáin stad bhuana. Tá sé de thoradh ar an méadú seo, mar aon leis an laghdú ar líon na ndaoine atá ina gcónaí ar láithreáin stad ar an iomlán, go bhfuil líon níos lú teaghlach á gcur i gcóiríocht ar bhánna sealadacha nó éigeandála nó ag comhroinnt bánna, agus is maith an rud é sin. Tháinig méadú 1 teaghlach, go dtí 709 teaghlach, in 2010 ar líon na dteaghlach atá ag baint leasa as cóiríocht i ngrúp-thithíocht.

Tháinig méadú 22 teaghlach, go dtí 444 teaghlach, ar líon na dteaghlach a bhí ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe in 2010 ach tá sé sin fós i bhfad níos lú ná an 524 a bhí i gceist in 2008. Ó thaobh céatadáin de, bhí laghdú an-bheag ar líon na dteaghlach a bhí ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe in 2010 i gcomparáid le 2009. Bheifí ag súil nach dtiocfadh méadú ar an bhfigiúr sin arís in 2011 agus, d'ainneoin na staide fioscaí, ní mór do na húdaráis áitiúla gach iarracht a dhéanamh chun an figiúr sin a laghdú a mhéid agus is féidir. Tháinig méadú 61 teaghlach, go dtí 451 teaghlach, ar líon na dteaghlach i dtithíocht roinnte in 2010. Cé go bhfuil roinnt díobh ag roinnt tithíochta i ndálaí atá iomlán inghlactha, tá daoine eile fós ag roinnt cóiríochta plódaithe agus ba cheart do na húdaráis áitiúla tosaíocht a thabhairt do na teaghlaigh sin agus dóibh siúd ar láithreáin neamhúdaraithe.

7. Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh Lucht Siúil

Rinneadh an Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh Lucht Siúil an 26 Samhain 2010. Tá sonraí ceangailte in Iarscríbhinn II. Tá achoimre ar staid na cóiríochta le haghaidh na dteaghlach den Lucht Siúil de réir mar a taifeadadh i gComhaireamh Bliantúil 2010 le fáil sa tábla ar an gcéad leathanach eile (Tábla 1).

Tábla 1
Líon na dTeaghlach den Lucht Siúil - Samhain 2010

	Líon na dTeaghlach in	2010	% de theaghlaigh
(a)	Gnáth-Thithe Údarás Áitiúil (Tithíocht Dheonach san áireamh)	3,453	36.46
(b)	Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos	2,380	25.13
(c)	Group HousingGrúpthithíocht	709	7.49
(d)	Bánna ar Láithreáin Stad Bhuana	619	6.54
(e)	Láithreáin Neamhúdaraithe	444	4.69
(f)	Acmhainní Féin	561	5.92
(g)	Tithe Príobháideacha arna dtacú ag Údaráis Áitiúla	481	5.08
(h)	Tithíocht Chomhroinnte (catagóirí a, b, c, f, g)	451	4.76
(i)	Bánna Seirbhíse Bunúsacha/Bánna ar Láithreáin Stad Neamhbhuana	207	2.19
(j)	Bánna Comhroinnte ar Láithreáin Stad Bhuana	136	1.44
(k)	Bánna Seirbhíse Bunúsacha Comhroinnte / Bánna Comhroinnte ar Láithreáin Stad Neamhbhuana	29	0.31
	Iomlán	**9,470**	**100%**

Airgeadas

Íocann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go hiomlán as costais oibriúcháin an Choiste.

Thabhaigh an CCNCLS €13,601 i gcaiteachas in 2010. (Ba é €27,460 an figiúr coibhéiseach i gcomhair na bliana 2009).

Aguisín I
Cóiríocht arna Soláthar in 2010

Bánna Láithreáin Staid a Cuireadh i gCrích in 2010

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon na mBánna					
		Nua			Athchóirithe / Athfhorbartha		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Fhine Gall	Lóiste an Scioból	10					
Comhairle Buirge Shligigh	Ardán Alma	4					
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	An Cnoc Buí, An Caiseal	6					
Iomlán		**20**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**

Bánna Láithreáin Stad a Cuireadh i gCrích (Mion-Athchóirithe) in 2010

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon na mBánna					
		Nua			Athchóirithe / Athfhorbartha		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Cheatharlach	Baile Dhongáin				3		
Comhairle Contae an Chláir	Baile Uí Mhuircheartaigh				4		
Comhairle Contae an Chláir	Baile Uí Mháille				2		
Comhairle Contae Mhuineacháin	Gort an Chaocháin				9		
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí	Móin Uí Dhuinn				8		
Iomlán		**0**	**0**	**0**	**26**	**0**	**0**

Bánna Láithreáin Stad i mbun tógála an 31 Nollaig 2010

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon na mBánna					
		Nua			Athchóirithe / Athfhorbartha		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Páirc Iósaif & Páirc Oilibhéar				27		
Comhairle Chontae na Mí	Páirc San Mártan				3		
Comhairle Chontae Shligigh	Baile Fraoigh				1		
Iomlán		**0**	**0**	**0**	**31**	**0**	**0**

Grúpscéimeanna Tithíochta a Cuireadh i gCrích in 2010

Údarás Áitiúil	Láthair	Stádas	
		Nua	Athchóirithe / Athfhorbartha
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Páirc Avila, Céim 5	1	10
Comhairle Contae Fhine Gall	Ard Ló, Na Sceirí	10	
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí	Cill Aichidh		1
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	An Bheannach Mhór		1
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	Radharc na Rátha Léithe, Ros Cré	1	
Comhairle Contae Loch Garman	An Lochain		1
Iomlán		**12**	**13**

Scéimeanna Grúp-Thithíochta a Cuireadh i gCrích (Mion-Athchóirithe) in 2010

Údarás Áitiúil	Láthair	Stádas	
		Nua	Athchóirithe / Athfhorbartha
Comhairle Contae Cheatharlach	Ardristan		4
Comhairle Contae an Chláir	Bóthar an Uisce, Inis		1
Comhairle Contae Chorcaí (Thuaidh)	Baile an Daingin		1
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Páirc Avila		2
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Páirc Labré		1
Comhairle Chontae na Mí	Láithreacha Éagsúla		24
Comhairle Chontae Ros Comáin	Cill Cholmáin, Bealach an Doirín		1
Comhairle Chontae Ros Comáin	Corr na Mart, Ros Comáin		2
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Lána Uí Éideáin		1
Comhairle Contae Loch Garman	Páirc Marconi		1
Iomlán		**0**	**38**

Scéimeanna Grúp-Thithíochta i mbun tógála an 31 Nollaig 2010

Údarás Áitiúil	Láthair	Stádas	
		Nua	Athchóirithe / Athfhorbartha
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	An Phaidhc	3	
Comhairle Contae Mhaigh Eo	Leamhach Mhór, Baile Chathail	5	
Comhairle Chontae na Mí	Comhairle Chontae na Mí	12	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	An Baile Beag, An Baile Beag		1
Iomlán		**20**	**1**

Tithíocht Aonuaire a Ceannaíodh in 2010

Údarás Áitiúil	Láthair	Aonaid
Comhairle Bhaile Átha Luain	Ardoileán, Baile Átha Luain	1
Comhairle Contae Chorcaí (Theas)	Cnoc na Speire, An Tóchar	1
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	Meille, Droichead Átha	1
Comhairle Baile Dhún Dealgan	Gleann na Silíní	1
Comhairle Chontae na Gaillimhe	Bóthar Bhéal Átha Ghadaí, Tuaim	1
Comhairle Contae Chill Chainnigh	Bóthar na Mainistreach, Port an Chalaidh	1
Comhairle Contae Chill Chainnigh	Dún Cit, Cill Mhic Bhúith	2
Comhairle Contae Mhuineacháin	Droim Bruach, Carraig Mhachaire Rois; Coill an Chait, Baile na Lorgan; An Láithreach, Baile na Lorgan	3
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	Buiríos Léith	1
Comhairle Baile Thrá Lí	Poll an Mhadra	1
Comhairle Buirge Loch Garman	Baile Mhúráin	1
Iomlán		**14**

Aguisín II
Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh

Údarás Áitiúil	Cóiríocht											
	Gnáth-Tithíocht an Údaráis Áitiúil			Grúpthithíocht an Údaráis Áitiúil			Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla			Curtha ar fáil ag Comhlachtaí Deonacha le Cúnamh ó Údaráis Áitiúla		
	1			2			3			4		
	2008	2009	2010	2008	2009	2010	2008	2009	2010	2008	2009	2010
Ceatharlach	45	45	45	10	10	12	14	13	15	2	2	2
An Cabhán	40	50	50	23	23	23	0	0	0	0	0	0
An Clár	50	48	48	30	46	40	30	30	29	5	6	6
Corcaigh	144	145	135	16	15	16	13	12	16	1	1	1
Dún na nGall	125	116	112	12	11	11	0	0	0	0	5	5
Dún Laoire/Ráth	32	37	35	25	23	22	0	0	0	0	0	0
Fine Gall	75	63	57	45	43	59	0	6	4	3	3	3
Gaillimh	236	256	256	53	52	50	45	66	66	6	7	7
Ciarraí	112	123	132	0	0	0	45	48	42	1	2	4
Cill Dara	49	40	44	7	7	9	0	0	0	2	7	3
Cill Chainnigh	41	43	42	8	8	8	14	14	14	1	4	4
Laois	75	77	75	3	3	3	11	12	12	2	3	5
Liatroim	7	8	8	13	13	5	0	0	0	0	0	0
Luimneach	173	186	195	17	17	21	34	34	34	0	0	0
An Longfort	241	240	252	0	0	0	13	13	13	4	4	8
Lú	166	167	173	20	20	22	43	44	43	13	13	14
Maigh Eo	100	100	85	10	10	10	32	33	38	8	9	12
An Mhí	72	71	82	24	20	22	0	0	0	15	15	15
Muineachán	61	77	79	0	0	0	19	21	24	3	0	1
TÁ Thuaidh	90	96	98	12	12	12	4	4	4	2	4	5
Uíbh Fhailí	80	81	84	4	4	4	21	21	21	9	10	10
Ros Comáin	18	17	18	17	16	16	0	2	1	0	0	0
Sligeach	26	18	27	0	0	0	0	0	0	5	3	4
BÁC Theas*	177	183	122	75	88	91	10	10	10	7	7	7
TÁ Theas	52	55	55	13	17	17	6	6	6	4	3	3
Port Láirge	5	10	9	0	0	0	0	0	0	0	1	0
An Iarmhí	90	97	100	5	5	5	29	29	29	0	0	0
Loch Garman	145	144	151	40	43	40	23	22	23	7	7	7
Cill Mhantáin	99	108	113	12	9	8	4	4	4	0	0	0
Comhairlí Cathrach												
Corcaigh	145	148	157	9	9	9	20	20	20	0	0	0
Baile Átha Cliath	185	205	210	146	145	136	1	1	1	5	5	11
Gaillimh	193	192	200	26	24	23	11	13	11	3	2	4
Luimneach	3	2	3	10	9	9	2	1	1	0	0	0
Port Láirge	59	52	52	6	6	6	0	0	0	11	8	8
IOMLÁIN	**3,211**	**3,300**	**3,304**	**691**	**708**	**709**	**444**	**479**	**481**	**119**	**131**	**149**

* * Tháinig laghdú 61 teaghlach ar líon na dteaghlach a taifeadadh mar bheith ina gcónaí i ngnáth-thithe i mBaile Átha Cliath Theas idir 2009 & 2010. Is é modh leasaithe chun sonraí dá leithéidí a bhailiú san údarás áitiúil sin ba chúis leis an laghdú sin seachas teaghlaigh ag fágáil na cóiríochta.

Lucht Siúil sa bhliain 2010

	Iomlán									Iomlán		
	Láithreáin Stad na nÚdarás Áitiúil			Cóiríocht curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla nó le Cúnamh ó ÚÁ			Ar Láithreáin Neamhúdaraithe			Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ agus ar Lthreáin Neamhúdaraithe		
	5			6			7			8		
	2008	2009	2010	2008	2009	2010	2008	2009	2010	2008	2009	2010
	4	7	7	75	77	81	2	2	3	77	79	84
	0	0	0	63	73	73	1	1	0	64	74	73
	22	15	15	137	145	138	3	1	15	140	146	153
	17	18	17	191	191	185	33	21	23	224	212	208
	9	6	9	146	138	137	0	2	1	146	140	138
	28	35	35	85	95	92	0	2	2	85	97	94
	93	81	71	216	196	194	42	43	45	258	239	239
	11	16	16	351	397	395	30	20	28	381	417	423
	22	17	26	180	190	204	9	2	3	189	192	207
	21	16	12	79	70	68	17	22	8	96	92	76
	13	9	10	77	78	78	16	14	12	93	92	90
	1	1	1	92	96	96	6	7	3	98	103	99
	16	18	22	36	39	35	0	0	0	36	39	35
	21	21	20	245	258	270	35	27	24	280	285	294
	4	0	6	262	257	279	1	0	0	263	257	279
	5	2	6	247	246	258	4	6	1	251	252	259
	6	5	7	156	157	152	28	21	10	184	178	162
	47	50	35	158	156	154	12	2	10	170	158	164
	11	6	11	94	104	115	3	1	1	97	105	116
	20	18	16	128	134	135	28	19	23	156	153	158
	42	43	35	156	159	154	34	29	28	190	188	182
	17	16	12	52	51	47	6	5	0	58	56	47
	28	29	26	59	50	57	9	9	10	68	59	67
	139	137	126	408	425	356	10	0	0	418	425	356
	12	17	15	87	98	96	13	7	7	100	105	103
	5	10	12	10	21	21	3	3	3	13	24	24
	71	71	71	195	202	205	0	2	1	195	204	206
	9	7	9	224	223	230	72	73	75	296	296	305
	37	36	37	152	157	162	16	8	4	168	165	166
	62	68	75	236	245	261	10	8	13	246	253	274
	100	90	89	437	446	447	64	55	73	501	501	520
	58	54	60	291	285	298	14	0	9	305	285	307
	67	62	62	82	74	75	3	4	5	85	78	80
	17	18	20	93	84	86	0	6	4	93	90	90
	1,035	**999**	**991**	**5,500**	**5,617**	**5,634**	**524**	**422**	**444**	**6,024**	**6,039**	**6,078**

Líon Iomlán Measta de Theaghlaigh Lucht Siúil i ngach Catagóir Cóiríochta sa bhliain 2010

Údarás Áitiúil	Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ	Ar Láithreáin Neamh-údaraithe	Acmhainní Féin (Measta.)	Phríobh-áideach Ar Cíos (Measta.)	Tithíocht Roinnte	Iomlán
	Ó Lch. 19, Colún 6	Ó Lch. 19, Colún 7	3	4	5	6
Ceatharlach	81	3	13	55	16	**168**
An Cabhán	173	0	0	52	0	**125**
An Clár	138	15	3	56	9	**221**
Corcaigh	185	23	17	88	50	**363**
Dún na nGall	137	1	0	123	3	**264**
Dún Laogh-Ráth	92	2	0	7	4	**105**
Fine Gall	194	45	0	121	6	**366**
Gaillimh	395	28	5	139	16	**583**
Ciarraí	204	3	43	77	28	**355**
Cill Dara	68	8	3	84	1	**164**
Cill Chainnigh	78	12	7	58	0	**155**
Laois	96	3	3	43	5	**150**
Liatroim	35	0	0	15	1	**51**
Luimneach	270	24	105	22	1	**422**
An Longfort	279	0	29	101	13	**422**
Lú	258	1	34	122	15	**430**
Maigh Eo	152	10	4	191	20	**377**
An Mhí	154	10	0	125	29	**318**
Muineachán	115	1	6	22	9	**153**
TÁ Thuaidh	135	23	1	25	2	**186**
Uíbh Fhailí	154	28	5	82	2	**271**
Ros Comáin	47	0	1	22	4	**74**
Sligeach	57	10	0	29	5	**101**
Áth Cliath Theas	356	0	25	131	21	**533**
TÁ Theas	96	7	7	9	17	**136**
Port Láirge	21	3	2	5	0	**31**
An Iarmhí	205	1	75	50	15	**346**
Loch Garman	230	75	138	122	43	**608**
Cill Mhantáin	162	4	4	39	4	**213**
Comhairlí Cathrach						
Corcaigh (Cathair)	261	13	4	81	39	**398**
BÁC (Cathair)	447	73	0	107	30	**657**
Gaillimh (Cathair)	298	9	2	153	27	**489**
Luimneach (Cathair)	75	5	0	12	0	**92**
Port Láirge (Cathair)	86	4	25	12	16	**143**
Iomlán	**5,634**	**444**	**561**	**2,380**	**451**	**9,470**

Páirc Avila, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh – Seasamh mar atá 26 Samhain 2010

Cóiríocht iomlán curtha ar fáil ag nó le cúnamh ó Údaráis Áitiúla agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe = 6,078



Láithreáin Stad Údaraithe le seirbhísí – 2010

Líon na dTeaghlach



Ar Láithreáin neamhúdaraithe – 2010

Líon na dTeaghlach



Cóiríocht arna Soláthar / Láithreáin Neamhúdaraithe (Líon na dTeaghlach)